



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2016

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Ealaín

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéisí fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótaíl i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

CLÁR AN ÁBHAIR

Cumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo	1
Dearadh	3
Sceitseáil Beo-Ábhair	6
Ceardaíocht	9
Stair agus Léirthuisicint na hEalaíne	24

Cumadóireacht Shamhlaíoch

Ábhar Neamhbheo

100 Marc

An Ardteistiméireacht 2016 – Ealaín – Ardleibhéal

Cumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo Marcanna Iomlána 100

Féadfaidh na hiarrthóirí Cumadóireacht Theibí a chur i láthair tar éis Cumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo a roghnú. Áireofar ar na hábhair a fhéadfar a úsáid raon leathan páipéar agus meán lena n-áirítear peann luaidhe, graifít, gualach, dúch agus scuab, criáin, péint, conté, etc. Beidh meascán de mheáin agus d'ábhair éagsúla inghlactha.

A	Léirmhíniú	20	<p>An méid a éiríonn leis an iarrthóir éirím an tsleachta tuairisciúil, a chiall agus a bhrí, a chur i bhfis agus a chur in iúl sa dearadh den Chumadóireacht Shamhlaíoch nó in eagrú an Ábhair Neamhbheo.</p> <p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • ráiteas an iarrthóra • an bhaint leis an sliocht tuairisciúil • cáilíochtaí samhlaíochta agus eispriseacha an iarrthóra <p>Ábhar neamhbheo i bpáirt le duine eile = 15 mharc ar a mhéad</p>
B	Cumadóireacht	20	<p>An méid a chumann agus a eagraíonn an iarrthóir spás déthoiseach.</p> <p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • leagan amach na ngnéithe den Chumadóireacht Shamhlaíoch nó den Ábhar Neamhbheo ar bhealach pearsanta, dea-chothromaithe, comhchuí • gnéithe ealaíne san eagraíocht: spás dearfach agus diúltach, cothromaíocht, teannas, codarsnacht, scála (an coibhneas idir an íomhá agus an leathanach), etc. • an tslí a gcuirtear léirmhíniú an iarrthóra in iúl i bhfoirm 2T ar an mbileog, ag teacht leis an sliocht tuairisciúil. <p>Ábhar neamhbheo i bpáirt le duine eile = 15 mharc ar a mhéad</p>
C	Gnéithe Ealaíne	20	<p>An méid a bhaineann an t-iarrthóir leas as gnéithe ealaíne chun léirmhíniú indibhidiúil agus freagairt eispriseach don cheist roghnaithe a chruthú.</p> <p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • úsáid gnéithe ealaíne: líne, ton, cruth, foirm, uigeacht, dath • áit a bhfuil sé i gceist, an tslí a gcuireann an léiriú 2T daingne 3T in iúl trí aon mheán nó teicníc (nó meascán den phéire), lena n-áirítear líne.
D	An Fhreagairt Chruthaitheach Phearsanta	20	<p>An méid a fhreagraíonn an t-iarrthóir go cruthaitheach agus go pearsanta don cheist.</p> <p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • stíl indibhidiúil an iarrthóra ó thaobh úsáid na meán agus na n-ábhar mar fhreagairt don cheist roghnaithe i ndáil leis an sliocht tuairisciúil • na meáin, an stíl agus na gnéithe eispriseacha.
E	An Saothar Críochnaithe	20	<p>An méid a léiríonn an t-iarrthóir oilteacht sna gnéithe teicniúla agus cumadóireachta a úsáidtear</p> <p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • scileanna teicniúla • scileanna i ndáil le spriocanna a chomhlíonadh • éifeacht fhoriomlán an tsaothair chríochnaithe
	Iomlán	100	

Dearadh

100 Marc

An Ardeistiméireacht 2016 – Ealaín – Ardleibhéal

Dearadh 100 Marc

Tá raon leathan páipéir agus meán inghlactha, peann luaidhe, gualach, dúch agus scuab, criáin, péint, conté, etc. san áireamh.

A	Léirmhíniú	20	<p>An méid a éiríonn leis an iarrthóir an sliocht tuairisciúil a chur i bhfis agus chomh maith agus a éiríonn leis/léi úsáid a bhaint as smaoineamh a éiríonn as an sliocht chun moladh dearaidh a fhorbairt do cheird ar leith.</p> <p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • léargas ginearálta ar láimhseáil na ceiste roghnaithe • an bhaint leis an gceist agus leis an sliocht tuairisciúil • cáilíochtaí samhlaíochta agus eispriseacha an iarrthóra
B	Réamhbhileog/ Forbairt	20	<p>An méid a éiríonn leis an iarrthóir smaointe a fhorbairt</p> <p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • breithniú smaointe éagsúla • anailís ar smaointe • smaointe a mheas • smaointe a chur in iúl <p>Ní mór na 3 chomhpháirt a bheith ann le fianaise ar phróiseas na forbartha a léiriú.</p> <div data-bbox="1145 734 1513 981" style="border: 1px solid black; padding: 5px;"> <ul style="list-style-type: none"> • sceitsí amháin • ceadaítear nodaireacht • díreach ar an mbileog • Ní féidir iomlán na marcanna a ghnóthachtáil má bhítear ag cóipeáil díreach ón mbileog ullmhúcháin </div>
C	Cur i gcrích / gnéithe teicniúla (Féach na ceirdeanna éagsúla ar an gcairt)	20	<p>An méid a éiríonn leis an iarrthóir na fadhbanna dearaidh intuigthe sa cheird/cheist roghnaithe a réiteach go físiúil.</p> <p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • oiriúnacht don cheist • gnéithe teicniúla a cuireadh san áireamh
D	An moladh dearaidh a chur i láthair	20	<p>An méid a éiríonn leis an iarrthóir an moladh dearaidh a chur i láthair i bhformáid atá oiriúnach.</p> <p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • oiriúnacht na meán don mholadh/chur i láthair • cumas teicniúil sa mheán roghnaithe agus oiriúnacht na n-ábhar don chur i láthair.
E	An moladh dearaidh críochnaithe / tabhairt chun críche phróiseas an dearaidh	20	<p>An méid a léiríonn moladh dearaidh an iarrthóra coincheapa pearsanta agus é/í ag cur i gcrích próiseas an dearaidh.</p> <p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • éifeacht fhoriomlán an mholta dearaidh chríochnaithe • cáilíocht fhoriomlán an dearaidh • oilteacht sna gnéithe teicniúla agus cumadóireachta a úsáidtear
	Iomlán	100	

Dearadh (ar lean)**Mionléiriú ar Chuid C den Scéim mharcála: Cur i gcrích / gnéithe teicniúla**

Ceist 1 – Litreoireacht agus Peannaireacht léiriú peannaireacht / litreoireacht spásáil / leagan amach comhréiteach / cothromaíocht	Ceist 2 – Líonóilghearradh agus Priontáil líne / cruth / uigeacht láidreacht / soiléire forphriontáil comhréiteach / cothromaíocht
Ceist 3 – Fabraicphriontáil Patrún / cruth teicnící: forphriontáil / ciaradh cur i bhfeidhm dathanna comhréiteach / cothromaíocht / nascáil	Ceist 4 – Bróidnéireacht an rogha ábhar / meán / cúlra plean maidir le hobair shnáthaide teicnící comhréiteach / cothromaíocht
Ceist 5 – Fíodóireacht uigeacht a léiriú plean na fíodóireachta ábhair / snáth comhréiteach / cothromaíocht	Ceist 6 – Criadóireacht teicnící struchtúr feidhm / teoracha glónrú / maisiú
Ceist 7 – Puipeadracht feidhm / teoracha cóimeáil ábhair carachtracht	Ceist 8 – Leabharcheardaíocht ábhair ceangal / naisc / clúdach deannaigh íomhánna / litreoireacht cóimeáil
Ceist 9 – Dearadh Fógraíochta feidhm leagan amach clóghrafaíocht grafaic dath	Ceist 10 – Múnlóireacht agus Snoíodóireacht feidhm / teoracha teicníc / ábhair struchtúr críoch / solas
Ceist 11 – Seiteanna Stáitse leagan amach struchtúr feidhm tógáil / teicnící	

Sceitseáil Beo-Ábhair

50 Marc

Is féidir cineálacha éagsúla páipéir agus meáin éagsúla a úsáid lena n-áirítear peann luaidhe, graifít, gualach, dúch agus scuab, criáin, péint, conté, etc. Beidh meascán de mheáin agus d'ábhair éagsúla inghlactha.

Staidiúir 1:

Staidiúir ghearr (15 nóiméad) – 20 marc: tá raon leathan cur chuige ann atá oiriúnach don Ardleibhéal agus atá inghlactha lena n-áirítear líníochtaí tapa de ghothaí agus comhartha de chomhthéacs an chúlra.

A	Cumadóireacht	5	<p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> Cumadóireacht: úsáid na bileoige ina hiomláine; úsáid spáis idir dhearfach agus dhiúltach. Freagairt chruthaitheach phearsanta: ní mór iarracht a bhaint as an bhfíor iomlán sa staidiúir mar a luaitear ar an scrúdpháipéar. <p>Gan aghaidh / an aghaidh folamh = 4 mharc ar a mhéad Leathfhíor / gan chosa = 3 mharc ar a mhéad An leathanach bearrtha / giota curtha leis = 3 mharc ar a mhéad</p>
B	Comhréir	5	<p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> cruinneas na líníochta ó thaobh na hanatamaíochta de: coibhneas na bpáirteanna leis an iomlán. <p>Gan aghaidh / an aghaidh folamh = 4 mharc ar a mhéad Leathfhíor / gan chosa = 3 mharc ar a mhéad An leathanach bearrtha / giota curtha leis = 3 mharc ar a mhéad</p>
C	Ton / Líne	5	<p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> an úsáid a bhaintear as solas agus as scáth sa mheán roghnaithe chun foirm thríthoiseach a léiriú scáthú nó cáilíocht/meáchan na líne; úsáid cruthaitheach na meán.
D	Foirm / Méid	5	<p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <ul style="list-style-type: none"> cur i láthair 2T de dhaingne 3T an choirp trí aon mheán nó teicníc nó meascán díobh a úsáid, lena n-áirítear líne.
	Iomlán	20	

Staidiúir 2:

Staidiúir Fhada (30 nóiméad) 30 Marc: staidéar níos mionsonraithe den chorp: an fhíor iomlán **nó** leathfhíor a roghnú. Tá líníochtaí an-mhionsonraithe agus líníocht atá eispriseach go mór inghlactha.

A	Cumadóireacht	6	<p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <p>Cumadóireacht; úsáid spás diúltach, úsáid na bileoige ina hiomláine, cur in iúl an chomhthéacs cúlra inghlactha. Léirmhíniú indibhidiúil agus freagairt phearsanta eispriseach don fhíor iomlán nó leathfhíor mar a luaitear sna treoracha don staidiúir: an rogha phearsanta ábhar agus meán</p> <p>Gan aghaidh / an aghaidh folamh = 5 mharc ar a mhéad An staidiúir mhícheart / staidiúir iomlán droma = 3 mharc ar a mhéad An leathanach bearrtha / giota curtha leis = 3 mharc ar a mhéad</p>
B	Comhréir	6	<p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <p>Cruinneas na líníochta ó thaobh na hanatamaíochta de: (coibhneas na bpáirteanna leis) an bhfíor iomlán nó leathfhíor ina iomláine mar a luaitear sna treoracha don staidiúir</p> <p>Gan aghaidh / an aghaidh folamh = 5 mharc ar a mhéad An staidiúir mhícheart / staidiúir iomlán droma = 3 mharc ar a mhéad An leathanach bearrtha / giota curtha leis = 3 mharc ar a mhéad</p>
C	Ton / Líne	6	<p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <p>Úsáid an tsolais agus an scátha sa mheán agus sna hábhair roghnaithe mar ghné dhílis den líníocht. Líníocht líne as a leanann léirmhíniú agus freagairt eispriseach indibhidiúil. Léirmhíniú indibhidiúil agus freagairt eispriseach / rogha phearsanta na n-ábhar agus stíl na meán.</p>
D	Foirm / Toirt	6	<p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <p>Mar a chuireann an cur i láthair 2T daingne 3T an choirp in iúl trí aon mheán nó teicníc nó meascán díobh a úsáid, lena n-áirítear líne, as a leanann léirmhíniú agus freagairt eispriseach indibhidiúil.</p>
E	Mionsonraí	6	<p><i>Tagair dóibh seo a leanas</i></p> <p>Na mionsonraí i gcur i láthair gné/gnéithe den fhíor mar chuid dhílis den líníocht den fhíor iomlán nó leathfhíor mar a luaitear sna treoracha don staidiúir.</p> <p>Éifeacht fhoriomlán an tsaothair chríochnaithe. Mar a léiríonn an t-iarrthóir inniúlacht ó thaobh gnéithe teicniúla agus cumadóireachta de chun freagairt indibhidiúil phearsanta a chruthú</p> <p>Gan aghaidh / an aghaidh folamh = 5 mharc ar a mhéad An staidiúir mhícheart / staidiúir iomlán droma = 3 mharc ar a mhéad</p>
	Iomlán	30	

CEARDAÍOCHT

100 Marc

<p>Déantar an bhileog d'obair ullmhúcháin (A2) roimh an scrúdú agus ba chóir go léireodh sí go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ taighde ar an gceist a roghnaigh sé/sí ón scrúdpháipéar ▪ faisnéis ábhartha bailithe trí sceitsí, staidéar datha, staidéar uigeachta, ábhair, etc. ▪ tús curtha le smaointe a fhorbairt <p>Níor chóir an moladh dearaidh deiridh a fhorbairt ag an bpointe seo. Ní bhronntar aon mharcanna as an mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>			
<p>1</p> <p>Forbairt Smaointe</p>	<p>Sceitsí</p>	<p>10</p>	<p>Cuirtear an bhileog Réamhsceitsí (A2) i gcrích le linn an scrúdaithe agus ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú maidir leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ anailís a dhéanamh ar an obair atá déanta ar an mbileog d'obair ullmhúcháin ▪ smaointe a fhorbairt agus mar sin teacht ar mholadh dearaidh deiridh ▪ a chur in iúl cén teicníc atá le húsáid chun an píosa miotalóireachta a dhéanamh ▪ a chur in iúl cén teicníc atá le húsáid chun an píosa miotalóireachta a mhaisiú <p>Ba chóir go léireodh an obair a chuirtear i láthair ar an mbileog seo forbairt shuntasach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>
<p>2</p> <p>Dearadh</p>	<p>Oiriúnacht an Dearaidh</p>	<p>10</p>	<p>An moladh dearaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ ba chóir go mbainfeadh sé le hábhar na ceiste ar an scrúdpháipéar atá roghnaithe ag an iarrthóir ▪ ba chóir go léireodh sé tuiscint ar thréithe agus ar shriantachtaí feidhmiúla na ceardaíochta ▪ ba chóir go bhféadfaí é a dhéanamh le linn fhráma ama an scrúdaithe
	<p>Forbairt an Dearaidh</p>	<p>5</p>	<p>Dearadh an iarrthóra:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ ba chóir go mbeadh sé forbartha trí na réamhsceitsí ▪ ba chóir go mbeadh sé ar chaighdeán na hArdteistiméireachta (GL / AL) ▪ ba chóir go léireodh sé tuiscint fhísiúil
	<p>Úsáid an Datha / an tSolais</p>	<p>5</p>	<p>Ba chóir aghaidh a thabhairt ar an dath sa miotalóireacht ealaíne trí na nithe seo a leanas a úsáid:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ cruain ar dhathanna éagsúla ▪ éifeacht an tsolais agus é ag titim ar na dromchlaí agus ar na plánaí ▪ ábhair bhreise curtha leis
<p>3</p> <p>Próiseas</p>	<p>Léirthuisicint</p>	<p>10</p>	<p>Ba chóir don iarrthóir na nithe seo a leanas a léiriú:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ cur chuige samhlaíoch cruthaitheach ar an gceist ▪ an cumas smaointe a fhorbairt ▪ an cumas anailís chriticiúil a dhéanamh ar an obair atá ar bun agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is cuí sin
	<p>Teicníc</p>	<p>10</p>	<p>Ba chóir don iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ teicníc chuí a úsáid chun a d(h)earadh a chur i gcrích ▪ inniúlacht a léiriú sa teicníc a roghnaítear chun an oibiacht a dhéanamh ▪ inniúlacht a léiriú sa teicníc mhaisiúcháin a roghnaítear ▪ tuiscint a léiriú ar na gnéithe aeistéitiúla agus praiticiúla
	<p>Cur i gCrích</p>	<p>10</p>	<p>Ba chóir don phársa miotalóireachta críochnaithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ a bheith mar chur i gcrích an dearaidh ▪ tuiscint a léiriú ar theicnící cuí
<p>4</p> <p>Scileanna Ceardaíochta</p>	<p>A Láimhseáil an Ábhair</p>	<p>10</p>	<p>Ba chóir go léireodh láimhseáil an ábhair ag an iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ muinín i gceardaíocht na miotalóireachta ▪ tuiscint ar fhéidearthachtaí agus ar theorainneacha na ceardaíochta ▪ tuiscint ar an ord ina gcuirtear an dearadh i gcrích
	<p>B Uirlisiú</p>	<p>10</p>	<p>Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir tuiscint ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ an tábhacht a bhaineann le teicnící éifeachtacha miotalóireachta, e.g. gearradh, líomhadh, ainéaladh, etc. ▪ féidearthachtaí agus teorainneacha na n-uirlisí atá á n-úsáid ▪ an tábhacht a bhaineann le teicníc mhaith ... gan ciumhaiseanna géara, cruthanna a lúbann nó a fhreangann, etc.
	<p>C Maisiúchán</p>	<p>10</p>	<p>Ba chóir do mhaisiúchán an tsaothair a chuirtear i láthair:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ barr feabhais a chur ar an oibiacht ▪ a bheith mar chuid dhílis den dearadh ▪ a bheith curtha air go cuí
	<p>D Bailchríoch</p>	<p>10</p>	<p>Ba chóir don saothar a tháirgtear sa scrúdú:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ a bheith tógtha agus críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann treoir an dearaidh (ceist an scrúdaithe).

<p>Déantar an bhileog d'obair ullmhúcháin (A2) roimh an scrúdú agus ba chóir go léireodh sí go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> taighde ar an gceist a roghnaigh sé/sí ón scrúdpháipéar faisnéis ábhartha bailithe trí sceitsí, staidéar datha, staidéar uigeachta, ábhair, etc. tús curtha le smaointe a fhorbairt <p>Níor chóir an moladh dearaidh deiridh a fhorbairt ag an bpointe seo. Ní bhronntar aon mharcanna as an mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>			
1	Forbairt Smaointe	10	<p>Cuirtear an bhileog Réamhsceitsí (A2) i gcrích le linn an scrúdaithe agus ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú maidir leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> anailís a dhéanamh ar an obair atá déanta ar an mbileog d'obair ullmhúcháin smaointe a fhorbairt agus mar sin teacht ar mholadh dearaidh deiridh a chur in iúl cén teicníc atá le húsáid chun an píosa baitice a dhéanamh <p>Ba chóir go léireodh an obair a chuirtear i láthair ar an mbileog seo forbairt shuntasach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>
2	Oiriúnacht an Dearaidh	10	<p>An moladh dearaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbainfeadh sé le hábhar na ceiste ar an scrúdpháipéar atá roghnaithe ag an iarrthóir ba chóir go léireodh sé tuiscint ar thréithe agus ar shriantachtaí feidhmiúla na ceardaíochta ba chóir go bhféadfaí é a dhéanamh le linn fhráma ama an scrúdaithe
	Forbairt an Dearaidh	5	<p>Dearadh an iarrthóra:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbeadh sé forbartha trí na réamhsceitsí ba chóir go mbeadh sé ar chaighdeán na hArdeistiméireachta (GL / AL) ba chóir go léireodh sé tuiscint fhísiúil
	Úsáid an Datha / an tSolais	5	<p>Ba chóir aghaidh a thabhairt ar an dath i mbaitic:</p> <ul style="list-style-type: none"> trí thuiscint a léiriú ar an dath mar a bhaineann sé le baitic trí ruaimenna éagsúla a úsáid trí dhath oiriúnach cúlra a roghnú don fhabraic
3	Léirtheiscint	10	<p>Ba chóir don iarrthóir na nithe seo a leanas a léiriú:</p> <ul style="list-style-type: none"> cur chuige samplaíoch cruthaitheach ar an gceist an cumas smaointe a fhorbairt an cumas anailís chriticiúil a dhéanamh ar an obair atá ar bun agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is cuí sin
	Teicníc	10	<p>Ba chóir don iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> teicníc chuí a úsáid chun a d(h)earadh a chur i gcrích inniúlacht a léiriú sa teicníc roghnaithe inniúlacht a léiriú sa teicníc mhaisiúcháin roghnaithe tuiscint a léiriú ar na gnéithe aeistéitiúla agus praiticiúla
	Cur i gCrích	10	<p>Ba chóir don phársaíocht a léiriú:</p> <ul style="list-style-type: none"> a bheith mar chur i gcrích an dearaidh tuiscint a léiriú ar theicnící cuí
4	A Íomhánna	10	<p>Ba chóir don saothar:</p> <ul style="list-style-type: none"> comhdhéanamh aontaithe cothrom a chruthú gnéithe dearaidh a chuimsiú, e.g. dearfach/diúltach, sreabhadh, gluaiseacht, rithim, uigeacht, nascáil. íomhánna atá sainmhínithe go soiléir a bheith ann
	B Ciaradh	10	<p>Ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú ó thaobh:</p> <ul style="list-style-type: none"> tjanting a úsáid scoilteadh agus féithiú a úsáid mar éifeachtaí maisiúcháin éifeachtaí uigeacha a chruthú obair a dhéanamh go cruinn
	C Dath	10	<p>Ba chóir don iarrthóir na nithe seo a leanas a léiriú:</p> <ul style="list-style-type: none"> eolas ar dhath a chur agus ar a éifeacht i ndáil le baitic inniúlacht san ord ina n-úsáidtear na dathanna chun fabraic a ruaimniú go héifeachtach scil ó thaobh an rogha dathanna a úsáidtear
	D Éifeacht Fhoriomlán	10	<p>Ba chóir don saothar críochnaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> a bheith críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann treoir an dearaidh (ceist an scrúdaithe)

<p>Déantar an bhileog d'obair ullmhúcháin (A2) roimh an scrúdú agus ba chóir go léireodh sí go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> taighde ar an gceist a roghnaigh sé/sí ón scrúdpháipéar faisnéis ábhartha bailithe trí sceitsí, staidéar datha, staidéar uigeachta, ábhair, etc. tús curtha le smaointe a fhorbairt <p>Níor chóir an moladh dearaidh deiridh a fhorbairt ag an bpointe seo. Ní bhronntar aon mharcanna as an mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>				
1	Forbairt Smaointe	Sceitsí	10	<p>Cuirtear an bhileog Réamhsceitsí (A2) i gcrích le linn an scrúdaithe agus ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú maidir leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> anailís a dhéanamh ar an obair atá déanta ar an mbileog d'obair ullmhúcháin smaointe a fhorbairt agus mar sin teacht ar mholadh dearaidh deiridh a chur in iúl cén teicníc atá le húsáid chun an píosa leabharcheardaíochta a dhéanamh a chur in iúl cén teicníc atá le húsáid chun an píosa leabharcheardaíochta a mhaisiú <p>Ba chóir go léireodh an obair a chuirtear i láthair ar an mbileog seo forbairt shuntasach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>
2	Dearadh	Oiriúnacht an Dearaidh	10	<p>An moladh dearaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbainfeadh sé le hábhar na ceiste ar an scrúdpháipéar atá roghnaithe ag an iarrthóir ba chóir go léireodh sé tuiscint ar thréithe agus ar shriantachtaí feidhmiúla na ceardaíochta ba chóir go bhféadfaí é a dhéanamh le linn fhráma ama an scrúdaithe
		Forbairt an Dearaidh	5	<p>Dearadh an iarrthóra:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbeadh sé forbartha trí na réamhsceitsí ba chóir go mbeadh sé ar chaighdeán na hArdteistiméireachta (GL / AL) ba chóir go léireodh sé tuiscint fhísiúil
		Úsáid an Datha / an tSolais	5	<p>Ba chóir aghaidh a thabhairt ar an dath sa leabharcheardaíocht trí na nithe seo a leanas a úsáid:</p> <ul style="list-style-type: none"> páipéar, fabraicí agus meáin mheasctha pearsanaithe íomhánna rilife
3	Proiseas	Léirthuisicint	10	<p>Ba chóir don iarrthóir na nithe seo a leanas a léiriú:</p> <ul style="list-style-type: none"> cur chuige samhlaíoch cruthaitheach ar an gceist an cumas smaointe a fhorbairt an cumas anailís chriticiúil a dhéanamh ar an obair atá ar bun agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is cuí sin
		Teicníc	10	<p>Ba chóir don iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> teicníc chúí a úsáid chun a d(h)earadh a chur i gcrích inniúlacht a léiriú sa teicníc a roghnaítear chun an oibíocht a dhéanamh inniúlacht a léiriú sa teicníc mhaisiúcháin roghnaithe tuiscint a léiriú ar na gnéithe aeistéitiúla agus praiticiúla
		Cur i gCrích	10	<p>Ba chóir don pháosa leabharcheardaíochta críochnaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> a bheith mar chur i gcrích an dearaidh tuiscint ar theicnící cuí a léiriú
4	Scileanna Ceardaíochta	A Rogha Ábhar	10	<p>Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> an muinín a thagann as ábhair don leabharcheardaíocht a láimhseáil. tuiscint ar fhéidearthachtaí agus ar theorainneacha na ceardaíochta tuiscint ar an ord ina gcuirtear an dearadh i gcrích.
		B Meicníocht Dúnta	10	<p>Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir tuiscint ar na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> an tábacht a bhaineann le teicnící tógála éifeachtacha. gur chóir na meicníochtaí dúnta roghnaithe a chomhtháthú i gceart leis an bpíosa críochnaithe.
		C Íomhánna	10	<p>Ba chóir don saothar a chuirtear i láthair:</p> <ul style="list-style-type: none"> an fheidhm dá bhfuil an píosa le húsáid a chur in iúl ar bhealach soiléir éifeachtach barr feabhais a chur ar an saothar críochnaithe
		D Éifeacht Fhoriomlán	10	<p>Ba chóir don saothar críochnaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> a bheith críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann treoir an dearaidh (ceist an scrúdaithe)

Déantar an bhileog d'obair ullmhúcháin (A2) roimh an scrúdú agus ba chóir go léireodh sí go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an iarrthóir:

- taighde ar an gceist a roghnaigh sé/sí ón scrúpháipéar
- faisnéis ábhartha bailithe trí sceitsí, staidéar datha, staidéar uigeachta, ábhair, etc.
- tús curtha le smaointe a fhorbairt

Níor chóir an moladh dearaidh deiridh a fhorbairt ag an bpointe seo. Ní bhrontar aon mharcanna as an mbileog d'obair ullmhúcháin.

1	Forbairt Smaointe	Sceitsí	10	<p>Cuirtear an bhileog Réamhsceitsí (A2) i gcrích le linn an scrúdaithe agus ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú maidir leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ anailís a dhéanamh ar an obair atá déanta ar an mbileog d'obair ullmhúcháin ▪ smaointe a fhorbairt agus mar sin teacht ar mholadh dearaidh deiridh ▪ a chur in iúl cén stíl chló atá le húsáid ▪ a chur in iúl cén teicníc atá le húsáid chun an píosa a mhaisiú <p>Ba chóir go léireodh an obair a chuirtear i láthair ar an mbileog seo forbairt shuntasach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>
2	Dearadh	Oiriúnacht an Dearaidh	10	<p>An moladh dearaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ ba chóir go mbainfeadh sé le hábhar na ceiste ar an scrúpháipéar atá roghnaithe ag an iarrthóir ▪ ba chóir go léireodh sé tuiscint ar thréithe agus ar shriantachtaí feidhmiúla na ceardaíochta ▪ ba chóir go bhféadfaí é a dhéanamh le linn fhráma ama an scrúdaithe
		Forbairt an Dearaidh	5	<p>Dearadh an iarrthóra:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ ba chóir go mbeadh sé forbartha trí na réamhsceitsí ▪ ba chóir go mbeadh sé ar chaighdeán na hArdeistiméireachta (GL / AL) ▪ ba chóir go léireodh sé tuiscint fhísiúil
		Úsáid an Datha / an tSolais	5	<p>Is féidir aghaidh a thabhairt ar an dath sa pheannaireacht trí na nithe seo a leanas a úsáid:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ éagsúlacht meán ▪ páipéir dhaite ▪ ábhair bhreise curtha leis nó curtha ar an bpíosa
3	Próiseas	Léirthuisicint	10	<p>Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ cur chuige samhlaíoch cruthaitheach ar an gceist ▪ an cumas smaointe a fhorbairt ▪ an cumas anailís chriticiúil a dhéanamh ar an obair atá ar bun agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is cú sin
		Teicníc	10	<p>Ba chóir don iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ teicníc chuí a úsáid chun a d(h)earadh a chur i gcrích ▪ inniúlacht a léiriú sa teicníc a roghnaítear chun an oibiacht a dhéanamh ▪ inniúlacht a léiriú sa teicníc mhaisiúcháin roghnaithe ▪ tuiscint a léiriú ar na gnéithe aeistéitiúla agus praiticiúla
		Cur i gCrích	10	<p>Ba chóir don phársa peannaireachta críochnaithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ a bheith mar chur i gcrích an dearaidh ▪ tuiscint a léiriú ar theicnící cuí
4	Scileanna Ceardaíochta	A Léiriúchán	10	<p>Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ muinín i gceird na peannaireachta ▪ tuiscint ar ról an léiriúcháin sa dearadh ▪ tuiscint ar theicnící cuí agus ar léirthuisicintí datha
		B Scileanna Peannaireachta	10	<p>Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ tógáil éifeachtach ó thaobh litreoireachta de ▪ fianaise ar scileanna a gnóthaiodh sa pheannaireacht. ▪ inniúlacht ar úsáid uirlisí peannaireachta
		C Spásáil	10	<p>Ba chóir don saothar a chuirtear i láthair:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ spásáil chuí a bheith ann. ▪ leagan amach cuí a bheith air.
		D Comhchuibhiú	10	<p>Ba chóir don saothar críochnaithe</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ idir chumas léiriúcháin agus scileanna peannaireachta a léiriú ▪ comhdhéanamh cothrom a bheith air. ▪ a bheith críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann treoir an dearaidh (ceist an scrúdaithe)

<p>Déantar an bhileog d'obair ullmhúcháin (A2) roimh an scrúdú agus ba chóir go léireodh sí go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> taighde ar an gceist a roghnaigh sé/sí ón scrúdpháipéar faisnéis ábhartha bailithe trí sceitsí, staidéar datha, staidéar uigeachta, ábhair, etc. tús curtha le smaointe a fhorbairt <p>Níor chóir an moladh dearaidh deiridh a fhorbairt ag an bpointe seo. Ní bhrontar aon mharcanna as an mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>				
1 Forbairt Smaointe	Sceitsí	10	<p>Cuirtear an bhileog Réamhsceitsí (A2) i gcrích le linn an scrúdaithe agus ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú maidir leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> anailís a dhéanamh ar an obair atá déanta ar an mbileog d'obair ullmhúcháin smaointe a fhorbairt agus mar sin teacht ar mholadh dearaidh deiridh a chur in iúl cén teicníc atá le húsáid chun an saothar a dhéanamh a chur in iúl cén teicníc atá le húsáid chun an saothar a mhaisiú <p>Ba chóir go léireodh an obair a chuirtear i láthair ar an mbileog seo forbairt shuntasach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>	
	2 Dearadh	Oiriúnacht an Dearaidh	10	<p>An moladh dearaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbainfeadh sé le hábhar na ceiste ar an scrúdpháipéar atá roghnaithe ag an iarrthóir ba chóir go léireodh sé tuiscint ar thréithe agus ar shriantachtaí feidhmiúla na ceardaíochta ba chóir go bhféadfaí é a dhéanamh le linn fhráma ama an scrúdaithe
		Forbairt an Dearaidh	5	<p>Dearadh an iarrthóra:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbeadh sé forbartha trí na réamhsceitsí ba chóir go mbeadh sé ar chaighdeán na hArdteistiméireachta (GL / AL) ba chóir go léireodh sé tuiscint fhísiúil
Úsáid an Datha / an tSolais		5	<p>Ba chóir aghaidh a thabhairt ar an dath/ar an solas trí na nithe seo a leanas a úsáid:</p> <ul style="list-style-type: none"> meáin éagsúla. éifeacht an tsolais agus é ag titim ar na dromchlaí agus ar na plánaí, e.g. mar a bhíonn i múnlóireacht rilife. ábhair bhreise curtha leis, e.g. snáithíní, coirníní etc. 	
3 Próiseas	Léirthuisicint	10	<p>Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> cur chuige samhlaíoch cruthaitheach ar an gceist an cumas smaointe a fhorbairt an cumas anailís chriticiúil a dhéanamh ar an obair atá ar bun agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is cuí sin 	
	Teicníc	10	<p>Ba chóir don iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> teicníc chuí a úsáid chun a d(h)earadh a chur i gcrích inniúlacht a léiriú sa teicníc a roghnaítear chun an oibiacht a dhéanamh inniúlacht a léiriú sa teicníc mhaisiúcháin a roghnaítear tuiscint a léiriú ar na gnéithe aeistéitiúla agus praiticiúla 	
	Cur i gCrích	10	<p>Ba chóir don phársaí snaíodóireachta críochnaithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> a bheith mar chur i gcrích an dearaidh tuiscint a léiriú ar theicnící cuí 	
4 Scileanna Ceardaíochta	A Láimhseáil Ábhar	10	<p>Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> an mhúinín a thagann as a bheith ag obair le hábhair don tsnoíodóireacht tuiscint ar airíonna ábhar tuiscint ar an ord ina gcuirtear an dearadh i gcrích 	
	B Struchtúr	10	<p>Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir tuiscint:</p> <ul style="list-style-type: none"> ar an tábhacht a bhaineann le teicnící maíthe snoíodóireachta. ar ghnéithe spásúlachta, scála, comhréire, maise, foirme, etc. 	
	C Feidhm	10	<p>Ba chóir don saothar a chuirtear i láthair:</p> <ul style="list-style-type: none"> a bheith tógtha agus críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann treoir an dearaidh (ceist an scrúdaithe). a bheith snoite go cuí don bhailchríoch atá beartaithe. 	
	D Bailchríoch	10	<p>Ba chóir don teicníocht mhaisiúcháin a úsáidtear:</p> <ul style="list-style-type: none"> barr feabhais a chur ar an oibiacht. a bheith mar chuid dhílis den dearadh. a bheith curtha i gcrích go cuí 	

<p>Déantar an bhileog d'obair ullmhúcháin (A2) roimh an scrúdú agus ba chóir go léireodh sí go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> taighde ar an gceist a roghnaigh sé/sí ón scrúdpháipéar faisnéis ábhartha bailithe trí sceitsí, staidéar datha, staidéar uigeachta, ábhair, etc. tús curtha le smaointe a fhorbairt <p>Níor chóir an moladh dearaidh deiridh a fhorbairt ag an bpointe seo. Ní bhronntar aon mharcanna as an mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>			
1	Forbairt Smaointe	10	<p>Cuirtear an bhileog Réamhsceitsí (A2) i gcrích le linn an scrúdaithe agus ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú maidir leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> anailís a dhéanamh ar an obair atá déanta ar an mbileog d'obair ullmhúcháin smaointe a fhorbairt agus mar sin teacht ar mholadh dearaidh deiridh a chur in iúl cén teicníc atá le húsáid chun an píosa bróidnéireachta a dhéanamh a chur in iúl cén teicníc atá le húsáid chun an píosa bróidnéireachta a mhaisiú <p>Ba chóir go léireodh an obair a chuirtear i láthair ar an mbileog seo forbairt shuntasach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>
2	Oiriúnacht an Dearaidh	10	<p>An moladh dearaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbainfeadh sé le hábhar na ceiste ar an scrúdpháipéar atá roghnaithe ag an iarrthóir ba chóir go léireodh sé tuiscint ar thréithe agus ar shriantachtaí feidhmiúla na ceardaíochta ba chóir go bhféadfaí é a dhéanamh le linn fhráma ama an scrúdaithe
	Forbairt an Dearaidh	5	<p>Dearadh an iarrthóra:</p> <ul style="list-style-type: none"> ba chóir go mbeadh sé forbartha trí na réamhsceitsí ba chóir go mbeadh sé ar chaighdeán na hArdeistiméireachta (GL / AL) ba chóir go léireodh sé tuiscint fhísiúil
	Úsáid an Datha / an tSolais	5	<p>Ba chóir aghaidh a thabhairt ar an dath sa bhróidnéireacht trí na nithe seo a leanas a úsáid:</p> <ul style="list-style-type: none"> éagsúlacht ábhar. cúlraí éagsúla. snátha daite. ábhair bhreise curtha leis, e.g. snáithíní, coirníní, etc.
3	Léirthuisicint	10	<p>Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> cur chuige samhlaíoch cruthaitheach ar an gceist an cumas smaointe a fhorbairt an cumas anailís chriticiúil a dhéanamh ar an obair atá ar bun agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is cuí sin
	Teicníc	10	<p>Ba chóir don iarrthóir</p> <ul style="list-style-type: none"> teicníc chuí a úsáid chun a d(h)earadh a chur i gcrích inniúlacht a léiriú sa teicníc a roghnaítear chun an oibiacht a dhéanamh inniúlacht a léiriú sa teicníc mhaisiúcháin a roghnaítear tuiscint a léiriú ar na gnéithe aeistéitiúla agus praiticiúla
	Cur i gCrích	10	<p>Ba chóir don phársa bróidnéireachta críochnaithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> a bheith mar chur i gcrích an dearaidh tuiscint a léiriú ar theicnící cuí
4	A Rogha Ábhar	10	<p>Ba chóir don iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> cúlra cuí a roghnú. eolas a léiriú ar úsáid na n-ábhar roghnaithe tuiscint a léiriú ar an ord ina gcuirtear a d(h)earadh i gcrích.
	B Fuáil	10	<p>Ba chóir don iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> éagsúlacht greamanna bróidnéireachta a úsáid. scil a léiriú ó thaobh na ngreamanna roghnaithe.
	C Láimhseáil Ábhar	10	<p>Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir cumas maidir leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> ábhair a láimhseáil dath agus solas a úsáid go héifeachtach éifeachtaí uigeachta agus rilife a chruthú.
	D Éifeacht Fhoriomlán	10	<p>Ba chóir don saothar críochnaithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> a bheith tógtha agus críochnaithe go dtí céim a chomhlíonann treoir an dearaidh (ceist an scrúdaithe). tréith thadhhlach a bheith ann. ciall don dath a léiriú.

An Ardeistiméireacht: Ceardaíocht **Teicstílí Lámhphriontáilte** *Scéim Mharcála*

Déantar an bhileog d'obair ullmhúcháin (A2) roimh an scrúdú agus ba chóir go léireodh sí go bhfuil na nithe seo a leanas déanta ag an iarrthóir:

- taighde ar an gceist a roghnaigh sé/sí ón scrúdpháipéar
- faisnéis ábhartha bailithe trí sceitsí, staidéar datha, staidéar uigeachta, ábhair, etc.
- tús curtha le smaointe a fhorbairt.

Níor chóir an moladh dearaidh deiridh a fhorbairt ag an bpointe seo. Ní bhronntar aon mharcanna as an mbileog d'obair ullmhúcháin.

1	Forbairt Smaointe	Sceitsí	10	<p>Cuirtear an bhileog Réamhsceitsí (A2) i gcrích le linn an scrúdaithe agus ba chóir don iarrthóir cumas a léiriú maidir leis na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ anailís a dhéanamh ar an obair atá déanta ar an mbileog d'obair ullmhúcháin ▪ smaointe a fhorbairt agus mar sin teacht ar mholadh dearaidh deiridh ▪ a chur in iúl cén teicníc atá le húsáid chun an píosa lámhphriontáilte a dhéanamh <p>Ba chóir go léireodh an obair a chuirtear i láthair ar an mbileog seo forbairt shuntasach ón mbileog d'obair ullmhúcháin.</p>
2	Dearadh	Oiriúnacht an Dearaidh	10	<p>An moladh dearaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ ba chóir go mbainfeadh sé le hábhar na ceiste ar an scrúdpháipéar atá roghnaithe ag an iarrthóir ▪ ba chóir go léireodh sé tuiscint ar thréithe agus ar shriantachtaí feidhmiúla na ceardaíochta ▪ ba chóir go bhféadfaí é a dhéanamh le linn fhráma ama an scrúdaithe
		Forbairt an Dearaidh	5	<p>Dearadh an iarrthóra:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ ba chóir go mbeadh sé forbartha trí na réamhsceitsí ▪ ba chóir go mbeadh sé ar chaighdeán na hArdeistiméireachta (GL / AL) ▪ ba chóir go léireodh sé feasacht fhísiúil
		Úsáid an Datha / an tSolais	5	<p>Is féidir aghaidh a thabhairt ar an dath i dteicstílí lámhphriontáilte trí na nithe seo a leanas a úsáid:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ éagsúlacht ruameanna. ▪ dath na fabraice cúlra ▪ forphriontáil
3	Próiseas	Léirthuisceint	10	<p>Ba chóir go léireodh an t-iarrthóir na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ cur chuige samhlaíoch cruthaitheach ar an gceist ▪ an cumas smaointe a fhorbairt ▪ an cumas anailís chriticiúil a dhéanamh ar an obair atá ar bun agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is cuí sin
		Teicníc	10	<p>Ba chóir don iarrthóir:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ teicníc chúí a úsáid chun a d(h)earadh a chur i gcrích ▪ inniúlacht a léiriú sa teicníc ▪ tuiscint a léiriú ar na gnéithe aeistéitiúla agus praiticiúla
		Cur i gCrích	10	<p>Ba chóir don phársa teicstílí lámhphriontáilte críochnaithe:</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ a bheith mar chur i gcrích an dearaidh ▪ tuiscint a léiriú ar theicnící cuí
